## An Ról

Beidh feidhmiú straitéis cumarsáid margaíochta Údarás na Gaeltachta mar phríomhról ag an té a cheapfar sa ról seo, cé go mbeidh deis ag an duine cur leis an gcur chuige molta agus cumas scéalaíochta na h-eagraíochta a fheabhsú. Beidh taithí ábhartha ag an té a cheapfar in ar a laghad trí cheann do na réimsí seo a leanas:

- Taithí cruthanta ag plé leis na meáin cumarsáide agus feachtais preasa agus cumarsáide seachtraí na heagraíochta a bhainistiú
- Sárscileanna eagrúcháin agus ábalta ualach oibre gnóthach agus éagsúil a bhainistiú le cumas cruthaithe ceisteanna práinneacha ó na meáin a anailísiú agus a bhainistiú
- Cruthú ábhar idir fís agus fuaim
- Gaeilge agus Béarla ar ardchaighdeán agus taithí cruthanta ar théacs chruinn a sholáthar sa dá theanga
- Taithí cruthanta ag cruthú ábhar margaíochta agus ócáidí pobail a eagrú agus a bhainistiú
- Taithí cruthanta ar ardáin cumarsáide digiteacha a bhainistiú agus tascáirí feidhme a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar agus aschur na n-ardáin sin.
- Taithí cruthanta ar chumarsáid inmheánach

Beidh ardscileanna cumarsáide agus scéalaíochta ag an duine idir léamh agus scríobh, chomh maith le bheith in ann ábhar físe agus fuaime a chruthú agus a bhainistiú.

Beidh an duine ag bainistiú aschur an Údaráis ar líne agus ábhar eile margaíochta na h-eagraíochta. Beidh súil leis go mbeidh cur amach ag an duine ar tháscairí feidhme agus conas monatóireacht a dhéanamh ar thionchar chainéil cumarsáide na h-eagraíochta.

Is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.

Tá an post lonnaithe in Ard-Oifig an Údaráis sna Forbacha, Co na Gaillimhe.

Tá Polasaí Obair Chumaisc i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta, tá an polasaí forbartha i gcomhréir leis an gCreat Polasaí Oibre Cumaisc d'Eagraíochtaí Státseirbhíse a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe in 2022. Beidh deis iarratas a dhéanamh ar obair chumaisc tar éis tréimhse promhaidh an phoist a bheith curtha i gcrích.

## Sonraíocht Imlíneach an Phoist

| Sonraí | Cur Síos |
|---|---|
| Aidhm an róil | Beidh an Feidhmeannach Cumarsáide freagrach as an straitéis cumarsáide a chur i bhfeidhm d'Údarás na Gaeltachta, le fócas ar scéal obair na h-eagraíochta agus an tionchar ar phobal na Gaeltachta a insint do na pobail sin, chomh maith le príomhaidhmeanna straitéiseacha an Údaráis. |
| Príomhdhualgais an Róil | **Dualgaisí**<br>• Taithí i gcaidreamh na meáin agus ag bainistiú cumarsáide seachtraí ar son na heagraíochta<br>• Ceisteanna ó na meáin a fhreagairt agus a bhainistiú go cruinn, go héifeachtúil agus go cuimsitheach<br>• Ábhar cumarsáide a scríobh — lena n-áirítear preas-eisiúintí, ráitis, píosaí nuachta agus ábhar digiteach<br>• Plean agus feachtais cumarsáide a ullmhú agus a chomhordú a eascraíonn ó straitéis na heagraíochta.<br>• Ábhar a chruthú - téacs, fís agus fuaim - agus a fhoilsiú i gcomhréir leis an bplean cumarsáid margaíochta.<br>• Feachtais cumarsáide a ullmhú agus a bhainistiú nuair gur gá le soláthróirí seachtracha<br>• Tacú le monatóireacht ghníomhach ar lucht spéise thar shuíomhanna gréasáin, liostaí seachadtha agus meáin shóisialta, agus anailís sonraí a sholáthar chun éifeachtacht an ábhair a fheabhsú<br>• Ag obair go dlúth le gníomhaireachtaí deartha.<br>• Cumarsáid inmheánach éifeachtach a chothabháil chun a chinntiú go bhfuil ábhar á sholáthar ag rannóga uile na h-eagraíochta<br>• Cúram agus cruinneas iomlán i ngach gné den obair<br>• Aon dualgais eile a chuirtear leis an bpost, de réir riachtanais na heagraíochta, ó am go ham. |

